

**Ábhar Bhailiúchán na Scol ó Chontae Laoise ar [www.duchas.ie](http://www.duchas.ie) anois**

Is féidir béaloideas agus stair áitiúil ó Chontae Laoise a léamh ar [www.duchas.ie](http://www.duchas.ie) anois.

Ábhar béaloidis a thairfead daltaí scoile idir 1937 agus 1939 is ea Bailiúchán na Scol, cuid thábhachtach de Chnuasach Bhéaloideas Éireann, UCD. Tá breis agus leathmhilliún leathanach i gceist, a thairfead tuairim is 50,000 dalta bunscoile sna 26 chontae.

Tá ábhar as na contaetha sin á chur ar fáil ar thaisclann nua de bhéaloideas na hÉireann, dúchas.ie, ó dheireadh 2013 agus is í aidhm an tionscadail go mbeidh imleabhair uile Bhailiúchán na Scol ar fáil ar líne faoi dheireadh 2016. Tá ábhar ó Bhaile Átha Cliath, ó Mhaigh Eo, ó Dhún na nGall, ó Phort Láirge, ó Ghailimh, ó Liatroim, ó Chill Dara, ó Chiarraí, ó Shligeach agus ó Luimneach ar fáil ar an suíomh cheana. Is toradh é dúchas.ie ar chomhpháirtíocht a cuireadh ar bun in 2012 idir Cnuasach Bhéaloideas Éireann (UCD), Fiontar (DCU) agus an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta.

Cuirfidh Éireannaigh agus lucht an diaspóra araon suim sa suíomh seo. Is áis iontach é dúchas.ie do thaighdeoirí a chuireann suim i léann an bhéaloidis, sa stair áitiúil, sa tseandálaíocht, i gcúrsaí ginealais, sa teangeolaíocht agus i réimsí taighde eile. Is féidir an bailiúchán a chuardach faoi láthair de réir áiteanna agus de réir daoine; seolfar cuardach de réir topaicí go luath.

Ghlac breis agus 70 scoil páirt sa scéim i gContae Laoise agus tiomsaíodh 17 n-imleabhar mhóra d'ábhar béaloidis.

Dúirt an tAire Stáit do Ghnóthaí Gaeltachta, Joe McHugh, TD, 'Is céim thábhachtach eile í seo sa tionscadal nuálach seo a chuirfidh ábhar úr maidir le saol traidisiúnta na hÉireann sna blianta a chuaigh thart ar fáil don phobal i gcoitinne. Cuirfidh an t-ábhar nua seo ar chumas an taighdeora agus go leor daoine eile an difríocht a fheiceáil idir saol an lae inniu agus an saol mar a bhíodh, breis agus 80 bliain ó shin.'

Tá dúchas.ie á fhorbairt ag Fiontar, aonad teagaisc agus taighde trí mheán na Gaeilge in DCU, agus ag Cnuasach Bhéaloideas Éireann in UCD, ceann de na cnuasaigh béaloidis is mó ar domhan. Tá an tionscadal á chómhaoiniú ag UCD agus ag an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta.


Tá ról comhairleach ag Taisclann Dhigiteach na hÉireann (DRI) in obair dúchas.ie maidir le caighdeán agus idir-inoibritheacht i gcartlannú digiteach.

**CRÍOCH**

Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le Clare Coughlan

[clare.coughlan@dcu.ie](mailto:clare.coughlan@dcu.ie)

(01) 700 6577



*An Roinn  
Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta  
Department of  
Arts, Heritage and the Gaeltacht*



Nóta d’eagarthóirí:**Scéalta ó Chontae Laoise**

Tá **stair shaibhir ilghnéitheach** ag Contae Laoise. D’fhág gach ré a rian ar an gcontae – na taoisigh Ghaelacha, na Normannaigh, na manaigh, na hÚgónaigh, na tiarnaí talún agus lucht Chonradh na Talún. Ní haon ionadh go leagtar béim ar chúrsaí talún agus cumhachta sna cuntais a fhaightear sna seacht n-imleabhar déag ó **Chontae Laoise** i mBailiúchán na Scol. Déantar ceangal sa chuntas [seo](#) idir an taoiseach *Leigheadh Laoighse* agus an t-ainm *Laois*.

Is iomaí cuntas atá i mBailiúchán na Scol ar **eachtraí móra staire** agus is minic a luaitear **logainmneacha** áitiúla sna scéalta sin chomh maith. Mar shampla, baineann stair an-saibhir le Dún Másc agus tá dlúthbhaint ag an áitreabh féin le stair an chontae. De réir an chuntais [seo](#), tugadh Dún Másc ar an áit mar gheall ar thaoiseach darbh ainm Maisge a thóg dún ar an láthair. In 1170 bhronn Diarmaid Mac Murchadha, Rí Laighean, Dún Másc agus a iníon (Aoife) ar **Strongbow** chun an cúnamh míleata a thabharfadh sé do Dhiarmaid athsheilbh a fháil ar a chuid talún a chúiteamh leis. Bhí sliocht Strongbow i gceannas ar an áit ar feadh na mblianta go dtí gur ghlac muintir Uí Mhórdha (príomhthaoisigh Laoise) seilbh ar an áit. Fuair **Eoghan Rua Ó Néill**, duine de na Niallaigh, seilbh ar Dhún Másc ina dhiaidh sin, ach in 1650 rinne saighdiúirí Chromail ionsaí ar an gcaisleán agus ní fágtha ann inniu ach fothrach. Tá cuntas spéisiúil maidir le stair an chaisleáin ar fáil i nGaeilge sa chuntas [seo](#) ina ndéantar cur síos air mar fhoirgneamh “fuar follamh agus ag imtheacht ‘na fhothracha’”. Deirtear gur féidir na cúig chontae atá buailte ar Chontae Laoise a fheiceáil ón dún ar lá breá geal.

Luaitear seacht dteaghlach aitheanta le Contae Laoise, “*The Seven Septs of Loígis*” a thugtaí orthu. Bhíodh muintir Uí Mhórdha mar phríomhthaoisigh an chontae agus seilbh acu ar Dhún Másc i gcaitheamh an ceathrú haois déag. Tá tuilleadh eolais ar fáil [anseo](#) maidir leis na taoisigh eile a mbíodh baint acu leis an áit thar na blianta. Déantar cur síos ar phlean a bhí ag Sir Francis Crosby chun baill teaghlaigh na seacht mórtheaghlach a mharú sa scéal spéisiúil dar teideal “*The Massacre of Mullaghmast*”. Ach ar éirigh leis? Ní mór tuilleadh a léamh [anseo](#) chun teacht ar chríoch an scéil.

Tá cáil ar mhuintir Uí Leathlobhair fós sa lá atá inniu ann, teaghlach a shíolraíonn ó na taoisigh a bhí i réim roimh aimsir na Normannach. Bíonn teacht le chéile bliantúil acu chun ceiliúradh a dhéanamh ar a n-oidhreacht. Ina theannta sin, tá an-mheas ar **James Fintan Lalor** (1807–1849) – óráidí, scríbhneoir agus réabhlóidí a bhain cáil náisiúnta amach. Bhí sé ina bhall d’**Éire Óg** agus tá cáil ar an ráiteas seo uaidh:

*“Ireland her own, and all therein, from the sod to the sky.*

*The soil of Ireland for the people of Ireland.”*

Léigh tuilleadh faoina shaol spéisiúil [anseo](#).

Baineann cáil ar leith le **Diméin an Bhaile Fhinn** na laethanta seo mar rogha áite le fanacht thar oíche ag daoine mór le rá, leithéidí **Beyoncé** agus **Jay-Z**, **Kim** agus **Kanye** (más fíor na ráflaí)! Is féidir cuntas a léamh [anseo](#) faoi thiarna talún darbh ainm Coote a mbíodh seilbh aige ar an áit fadó agus a thóg an teach mór atá ina óstán cáiliúil inniu. Tá cur síos ar thiarnaí talún Dhiméin an Bhaile Fhinn agus eile sna scéalta seo a leanas: “[The Landlord](#)”, “[The Local Landlord](#)” & “[The Landlord](#)”.

Le linn **Éirí Amach 1798** crochadh aon duine dhéag i Móinteach Mílíc. Baill de na **hÉireannaigh Aontaithe** a bhí iontu. Tá séadchomhartha i gcuimhne na bhfear ina sheasamh anois ar Shráid Wolfe

Tone i lár Mhóinteach Mílíc agus ainmneacha na ndaoine a maraíodh greannta air. Tá cuntas faoin gcrochadh ar fáil [anseo](#) agus déantar cur síos ar an séadchomhartha [anseo](#).

Níl anseo ach blaiseadh de shaibhreas ábhar Chontae Laoise. Níl le déanamh agat anois ach dul ag póirseáil sa bhailiúchán iomlán ag an nasc [seo](#) chun teacht ar bhreis scéalta suimiúla!